Lá spraoi san Ardchathair (Mise)

1. Tháinig mo chara ón Spáinn ar saoire chugainn. Bhuail muid léi ag an aerfort. Chuir muid míle fáilte roimpi. Dúirt mé léi go raibh sé **ar intinn agam** dul isteach sa chathair an lá ina dhiaidh sin.



2. **An lá dár gcionn**, thóg muid an bus turasóireachta. Bhí an aimsir grianmhar agus, mar sin, chuaigh muid ar bhus **gan díon**. Chuaigh an bus síos Sráid Uí Chonaill. Bhí na radharcanna go hiontach!



3. Bhí mo chara **ag iarraidh** Coláiste na Tríonóide a fheiceáil mar chuala sí a lán faoin ollscoil cháiliúil sin. Ba mhaith léi Leabhar Cheanannais a fheiceáil **ach go háirithe**.



4. Chonaic muid Musaem Páirc an Chrócaigh. Chuaigh muid chuig an zú agus thaitin Gairdín na nAinmhithe go mór liom. **Thug muid cuairt ar** an Staid Aviva chomh maith lena lán áiteanna suimiúla eile.

5. Chuaigh muid ag siopadóireacht ar Shráid Ghrafton. Cheannaigh muid a lán rudaí deasa. Bhí ocras agus tart orainn agus chuaigh muid go Burkes **fá choinne** ceapairí agus caife.



6. **An oíche chéanna**, shocraigh muid ar dhul amach chun dráma a fheiceáil. Chuaigh muid go dtí Amharclann na Mainistreach. Bhí an dráma *'The Field'* ar siúl. Bhí sé **thar barr ar fad**! Bhain mo chara **sult as cuimse as a tréimhse** in Éirinn.